

## A chara,

Do chéad fáilte chuig ár ndara nuachtlitir do nuatheangacha iasachta. Tá an fhoireann NTI ag súil go mbeidh sé mar thacaíocht duit agus go gcuirfidh an nuachtlitir seo le do thaithí le cur i bhfeidhm an shonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí. Tá na hathruithe sa tSraith Shóisearach fós ar siúl agus tá muid ag súil le bheith ag obair leat, agus ag foghlaim uait, le linn an phroisis seo.

## FGL Lá 2 – 2017-2018

Don bhliain scoile 2017-2018, d'fhreastail 4,400 múinteoirí NTI ar ár gcuid ceardlanna. Dhírigh ár ndara lá de FGL ar theagasc, foghlaim agus measúnú i seomra ranga NTI. Bhí múinteoirí gafa go dearfach le cúrsaí pleanála do theagasc, foghlaim agus measúnú ina gcuid ranganna NTI. Bhí comhoibriú idir rannóga agus idir scoileanna, rud a spreag múinteoirí NTI aonaid foghlama a roinnt. Chuir sé seo go mór leis an lá.

## Suíomh gréasáin

Tá uasghrádú déanta ar an roinn NTI ar an suíomh gréasáin SSM ([www.jct.ie](http://www.jct.ie)) le cuir i láthair, taifid foghlama agus acmhainní in úsáid ar an lá FGL. Tá foireann iontach de chomhaltaí NTI ann atá ag comhoibriú faoi láthair ar phleanáil rannóige agus atá ag dearadh agus ag cur aonaid foghlama i bhfeidhm le scoláirí na chéad bhliana. Coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin mar is gearr go mbeidh uaslodáil déanta ar léargas, acmhainní agus obair shamplach scoláirí na comhaltaí.

Twitter – Lean muid chun coinneáil suas chun dáta le nuacht NTI, smaointí, tacaí agus chun comhoibriú a dhéanamh!@jctMFL – Tá níos mó ná 850 leantóir againn agus déantar tvuít go rialta ar nascanna chun tacú le múinteoirí!

Téigh i bpáirt le liosta seoltaí anseo

## Buail leis an bhfoireann



Ghlac an fhoireann comhairleoirí agus comhaltaí páirt in **Cleachtas Aisiríoch** ([www.connectrp.ie](http://www.connectrp.ie)) agus in traenáil **ATS2020 E-Portfolio** le gairid. (<https://sites.google.com/site/ats2020eportfolios/>)

D'fhreastail an fhoireann NTI ar chomhdháil RELANG i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag agus bhain an fhoireann taitneamh agus tairbhe as a bheith ag obair leis an CEFR.

Thug an fhoireann NTI cur i láthair don chomhdháil ar **uirilís digiteacha** in Maigh Nuad, ar an 10<sup>ú</sup> Márta, ar chruthú tasc digiteach bainteach leis an sonraíocht NTI. Clíceáil [anseo](#) don chur i láthair.

Ar an 12<sup>ú</sup> Márta, thug an fhoireann NTI a gcéad seimineár gréasáin. Chláraigh níos mó ná 600 múinteoir don ócáid. Is féidir an cur i láthair agus na ceisteanna a fháil [anseo](#).

## Sraith Sóisearach NTI agus Teangacha Comhghaolmhara:

Sheol an tAire Bruton *Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education 2017 – 2026*, a thugann tús áite do theagasc nuatheangacha iasachta. Luaitear ról na Sraithe Sóisearaí do mhúinteoirí, in *Languages Connect* agus tá muid ag súil le páirt iomláin a bheith againn sag cur i bhfeidhm. Tá an straitéis iomláin ar fail [anseo](#).

**Le dea-mhéin, An fhoireann NTI**